

**An tÚdarás Árachas Sláinte
Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2012**



An tÚdarás Árachas Sláinte
The Health Insurance Authority

An tÚdarás Árachas Sláinte

Teach na Canálach, Bóthar na Canálach, Baile Átha Cliath 6.

ÍosGhlao: 1850 929 166

Teil: (01) 406 0080

Facs: (01) 406 0081

Ríomhphost: info@hia.ie

Láithreán Gréasáin: www.hia.ie

Is as muileann páipéir a úsáideann laíon adhmaid ó fhoraois inbhunaithe agus marthanach a tháinig an páipéir a úsáidtear sa tuarascáil seo. Níor úsáideadh aon clóirín sa phróiseas tuartha.

Clár Ábhar

1. Ráiteas an Chathaoirligh	2
2. Ballraíocht agus Bainistíocht an Údaráis	4
3. Feidhmeanna an Údaráis	8
3.1 Rialáil	10
3.1.1 Struchtúr Rialála an Mhargaidh	10
3.1.2 Córas Eatramhach um Chothromú Fiontar	10
3.1.3 An tAcht Árachais Sláinte (Leasú), 2012	12
3.1.4 Clár na nGnóthas Sochar Sláinte	14
3.1.5 An Clár Teagmhálacha Árachas Sláinte	15
3.2 Taighde agus Comhairle	16
3.2.1 Monatóireacht ar an Margadh Árachas Sláinte	16
3.2.2 Taighde Coimisiúnaithe ar an Margadh Árachas Sláinte	18
3.2.3 Árachas Sláinte do Chách	18
3.3 Leasanna Tomhaltóirí	20
3.3.1 Ceisteanna agus Gearáin Tomhaltóirí	20
3.3.2 Láithreán Gréasáin	21
4. Gnóthaí Corparáideacha	22
4.1 Straitéis	22
4.2 Rialachas Corparáideach	23
4.3 Acmhainní	24
5. Tuarascáil agus Cuntais 2012	25
6. Aguisíní	41
Aguisín A – Staitisticí a bhaineann leis an Margadh Árachas Sláinte Príobháideach in Éirinn, 2012	41
Aguisín B – Athrú Éilimh de réir Aoise	43
Aguisín C – Struchtúr Aoise an Mhargaidh	44
Aguisín D – Clár na nGnóthas Sochar Sláinte ar 31 Nollaig 2012	45
Aguisín E – An Lucht Freastail ar Chruinnithe Údaráis, 2012	46

1. Ráiteas an Chathaoirligh

Dé réir Alt 33(2) den Acht Árachais Sláinte, 1994, tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais an Údaráis Árachas Sláinte don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012 a chur i láthair.

Bliain ina ndearnadh dul chun cinn suntasach i rialáil mhargadh árachas sláinte príobháideach na hÉireann ba ea 2012. Ag tús na bliana, cuireadh creidmheasanna i bhfad níos airde um chothromú riosca i bhfeidhm chun an pobalráitú, agus tomhaltóirí árachas sláinte níos sine go háirithe, a chosaint agus, ag deireadh na bliana, achtaíodh an tAcht Árachas Sláinte (Leasú), 2012. Leis an Acht sin, cuirtear Cothromú Riosca ar bhonn buan, agus cuirtear feabhas ar an gcóras agus neartaítear cumhachtaí rialála agus forfheidhmithe An Údaráis Árachas Sláinte.

Ceann de na príomhghníomhartha atá san áireamh in Acht 2012 is ea bunú an Chiste um Chochothromú Fiontar, rud a bheidh á bhainistiú agus á riar ag an Údarás. Déanfaidh an Ciste íocaíochtaí de thart ar €500m sa bhliain chun tacú leis an bpobalráitú. Forbairt thábhachtach i rialáil árachas sláinte príobháideach na hÉireann is ea bunú an Chiste seo.

Beag beann ar an dul chun cinn a rinneadh i 2012, tá bearnaí sa chreat rialála go fóill. Bearna shuntasach amháin is ea an easpa Rialacháin éifeachtacha um tháirgí. Is as dáta anois atá na Rialacháin um Shochar Íosta a tugadh isteach i 1996, agus tá Rialacháin nua ag teastáil chun an pobalráitú a chosaint agus chun tomhaltóirí a chosaint ó thearcárachas.

Tá an margadh foriomlán le haghaidh árachas sláinte príobháideach an-dúshlánach go fóill. Cé go bhfuil an margadh ag meath, níl an ráta meatha féin (9% san iomlán thar cheithre bliana) chomh hard sin nuair a chuirtear na tosca eacnamaíocha atá i réim thar an tréimhse seo san áireamh. Is ábhar imní é próifíl na ndaoine atá ag imeacht ón margadh, áfach, i bhfianaise na fíric go bhfuil sreabhadh leanúnach custaiméirí nua agus níos óige tábhachtach do chobhsaíocht an mhargaidh phobalráitithe. Le blianta beaga anuas, laghdaigh líon na ndaoine san aoisghrúpa 18-29 ag ráta 10% in aghaidh na bliana. Mhéadaigh sé sin aosú an mhargaidh, agus tá sé ag cur leis an mboilsciú de thart ar 3.5% in aghaidh na bliana atá tagtha ar éilimh árachas sláinte. Mar atá le feiceáil sa Tuarascáil seo, áfach, ní mhíníonn tionchar an aosaithe a mhéid a mhéadaigh an boilsciú ar an ráta éileamh go leibhéil a bhféadfadh a bheith an-fhadhbach d'inhuanaitheacht an mhargaidh árachas sláinte príobháideach.

Déantar foráil sa Chlár don Rialtas do chóras árachas sláinte do chách a thabhairt isteach agus, i 2012, bhí an tÚdarás i dteagmháil leis an Aire ar a iarraidh maidir lena bhfuil i ndán dó sa chomhthéacs sin. Rinneadh machnamh sa Tuarascáil, a cuireadh isteach i mí Iúil, ar an mbonneagar rialála atá ag teastáil i gcás margadh árachas sláinte do chách.

Leanann an tóir i measc tomhaltóirí ar fheidhm faisnéise tomhaltóra an Údaráis de bheith ag méadú. Bhí beagnach leathmhilliún teagmháil i 2012, go príomha trí láithreán gréasáin rathúil an Údaráis agus trí theagmháil dhíreach le foireann an Údaráis. Cuireann an fhaisnéis atá ar fáil ar chumas tomhaltóirí comparáid a dhéanamh idir sochair agus praghsanna ar fud raon iomlán na bpleananna árachas sláinte atá á soláthar ag na hárachóirí uile, agus ba cheart go gcabhródh sí le tomhaltóirí tionchar na méaduithe praghsais a mhaolú. Cuireann an tÚdarás faisnéis ar fáil trí na meáin freisin, trí leabhráin faisnéise do thomhaltóirí a dháileadh, agus trí na ráitis athnuachana a eisíonn árachóirí.

Tá áthas orm aitheantas a thabhairt d'obair agus do thiomantas Bhaill an Údaráis le linn 2012. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an Aire Sláinte, an Dr James Reilly T.D., agus le feidhmeannaigh a Roinne, as a gcuid tacaíochta le linn na bliana.

Mar fhocal scoir, cuireann an tÚdarás a bhuíochas in iúl as an obair a rinne foireann an Údaráis agus as an tiomantas a léirigh siad le linn 2012.



J. Joyce

Cathaoirleach

20 Meitheamh 2013

2. Ballraíocht agus Bainistíocht an Údaráis

Ballraíocht

Is é an tAire Sláinte a cheapann Baill an Údaráis ar feadh tréimhse cúig bliana. Is iad seo a leanas Baill an Údaráis:

An tUasal Jim Joyce (Cathaoirleach)

Tá an tUasal Joyce ina Chathaoirleach ar an Údarás ón 1 Feabhra 2006. Tá an tUasal Joyce ina Chomhalta d'Institiúid na nAchtúirí agus de Chumann na nAchtúirí in Éirinn agus bhí sé ina Uachtarán ar an gCumann do 1999/2000. Chaith sé luathbhlianta a ghairme sa Státseirbhís, ar chuir sé deireadh léi mar Rúnaí Cúnta sa Roinn Post agus Teileagraf. Ina dhiaidh sin, bhí sé mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar Telecom Éireann ó 1984 go 1992. Chaith sé tamall mar Chomhairleach Achtúireach sa Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus ansin in Údarás Rialála Seirbhísí Airgeadais na hÉireann ó 1992 go 2005.



An tUasal Dónall Curtin

Is bunaitheoir agus Páirtí Sinsearach Byrne Curtin Kelly (Cuntasóirí Deimhnithe Poiblí) é an tUasal Curtin. Tá sé ina bhall d'Institiúid na gCuntasóirí Deimhnithe Poiblí in Éirinn. Tá an tUasal Curtin ina Stiúrthóir freisin ag Chambers Ireland agus tá sé ina bhall den Institiúid Chairte Eadránaithe. Tá taithí leathan aige ar eadráin, ar an idirghabháil agus ar réiteach díospóidí.



An Iníon Sheelagh Malin

Tá Sheelagh Malin ina Stiúrthóir Bainistíochta ar St. James's Place International plc, ar cuid den ghrúpa bainistíochta rachmais St. James's Place é sa Ríocht Aontaithe. Tá níos mó ná 20 bliain caite aici i mbainistíocht sa tionscal árachas saoil, lena n-áirítear ról i margaíocht agus i bhforbairt táirgí, tuairisciú airgeadais, comhlíonadh agus an fheidhm reachtúil "achtúire ainmnithe". Tá sí ina Comhalta de Chumann na nAchtúirí in Éirinn agus tá páirt glactha aici i meithleacha oibre achtúireacha um thuairisciú airgeadais, um fhorchoimeád costas agus um fhaisnéis tomhaltóirí do ghnóthais árachais saoil trasteorann.



An tOllamh Anthony Staines

Tá an tOllamh Staines ina saineolaí sláinte poiblí agus ina chathaoirleach córas sláinte i Scoil an Altranais agus na nEolaíochtaí Daonna in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Agus é ina dhochtúir, tá sé ag obair mar eipidéimeolaí ó 1990 sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn. Ceapadh é mar phríomhoifigeach faisnéise leighis d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte le déanaí. Tá saineolas ar leith aige ar chórais faisnéise sláinte agus ar mhaoiniú na seirbhíse sláinte.



An tUasal Paul Turpin

Is speisialtóir rialachais é an tUasal Turpin leis an bhForas Riaracháin Phoiblí (I.P.A) a sholáthraíonn seirbhísí comhairleoireachta agus oiliúna. Sular thosaigh sé leis an I.P.A. i 2006, bhí poist shinsearacha aige sa bhainistíocht baincéireachta agus infheistíochta. D'oibrigh sé san earnáil phoiblí roimhe seo, lena n-áirítear mar Chomhairleoir Geilleagrach do Ranna Rialtais, leis an gComhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta, agus leis an gCoimisiún Eorpach.



Bainistíocht

Is iad seo a leanas Lucht Bainistíochta an Údaráis:

An tUasal Liam Sloyan Príomhfheidhmeannach/Cláraitheoir

Tá an tUasal Sloyan ina Chomhalta de Chumann na nAchtúirí in Éirinn agus den Institute of Actuaries sa Ríocht Aontaithe. Tá céim MSc bainte amach aige freisin sa Mhatamaitic agus i Staitisticí. Sula raibh sé ina bhall den Údarás, bhí sé ina chomhairleach sa tionscal árachas saoil, maidir le cúrsaí achtúireacha agus comhlíonta go príomha.



An tUasal Eamonn Horgan Bainisteoir Gnóthaí Corparáideacha/Rúnaí an Údaráis

Bhain an tUasal Horgan Máistreacht san Eolaíocht amach, mar aon le cáilíochtaí iarchéime sa ghnó, airgeadas agus sa rialachas corparáideach. Bhí poist bhainistíochta oibríochtaí agus táirgeachta aige sa tionscal príobháideach sular tháinig sé chun an Údaráis mar Bhainisteoir Cúrsaí Corparáideacha.



An tUasal Brendan Lynch Ceann Taighde/Seirbhísí Teicniúla

Is Eacnamaí agus Aturnae Cáilithe é an tUasal Lynch. Bhain sé Máistreacht amach san eacnamaíocht, mar aon le Dioplóma sa Dlí Eorpach. D'oibrigh sé mar chomhairleach eacnamaíoch, mar eacnamaí stocbhróicéara, agus mar chomhairleoir eacnamaíoch don Aire Airgeadais.



An tUasal Michael Ó Briain Ceann Gnóthaí Rialála

Tá an tUasal Ó Briain ina Chomhalta de Chumann na nAchtúirí in Éirinn. Tá níos mó ná 30 bliain caite aige i mbainistíocht sa tionscal árachas saoil. Bhí sé ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus ina Achtúire Ceaptha ag cuideachta mhór de chuid Chuideachta Bheatha na hÉireann sular tháinig sé chun an Údaráis.



An tUasal Colm Farrell Cuntasóir

Tá an tUasal Farrell ina Chomhalta de Chumann na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte. Sular tháinig sé chun an Údaráis i 2013, bhí roinnt poist bhainistíochta sinsearaí aige san earnáil seirbhísí airgeadais.



Tá oifigí an Údaráis Árachas Sláinte lonnaithe ag:
Teach na Canálach, Bóthar na Canálach, Baile Átha Cliath 6.
ÍosGhlao: 1850 929 166
Teil: (01) 406 0080
Facs: (01) 406 0081
Ríomhphost: info@hia.ie
Láithreán gréasáin: www.hia.ie



3. Feidhmeanna an Údaráis

Bunaíodh an tÚdarás le hOrdú an Aire an 1 Feabhra 2001 faoin Acht Árachais Sláinte, 1994. Oibríonn sé de réir fhorálacha an Achta sin agus na nAchtanna Árachais Sláinte (Leasú) (ar a dtugtar “na hAchtanna Árachais Sláinte le chéile”).¹

Déantar foráil sna hAchtanna Árachais Sláinte maidir le gnó árachas sláinte próbháideach a rialú mar thoradh ar “An Tríú Treoir um Árachas Neamhshaoil” de chuid an Aontais Eorpaigh. Leagtar amach sa Treoir seo ceanglais an mhargaidh inmheánaigh do Bhallstáit i dtaobh árachas neamhshaoil, lena n-áirítear árachas saoil. Ligeann an reachtaíocht Eorpach seo do Bhallstát aonair glacadh leis na ceanglais faoi leith sa tslí is cuí dá gcóras náisiúnta dlíthiúil féin agus dá gcóras cúram sláinte féin.

Leagtar amach príomhchuspóir an Údaráis sna hAchtanna Árachais Sláinte:

“(1) Is é príomhchuspóir an Achta seo a chinntiú, ar mhaithe le leas an phobail agus ar fud an mhargaidh árachas sláinte, go mbeidh rochtain ar chumhdach árachais sláinte ar fáil do thomhaltóirí seirbhísí sláinte gan aon idirdhealú á dhéanamh eatarthu (cibé acu is trí chreidmheasanna um chothromú fiontar nó trí bhearta dleachta stampa, nó trí bhearta eile, nó trí aon teaghlaim díobh sin, a chuirtear in éifeacht é), go háirithe maidir le costais seirbhísí sláinte, bunaithe go hiomlán nó go páirteach ar stádas riosca sláinte, ar aois nó ar inscne aon tomhaltóirí den sórt sin nó aon aicme tomhaltóirí den sórt sin, nó ar mhínicíocht an tsoláthair sheirbhísí sláinte d’aon tomhaltóirí den sórt sin nó d’aon aicme tomhaltóirí den sórt sin, agus á chur san áireamh go háirithe chun críocha an chuspóra sin:

- (a) go méadaíonn riachtanais sláinte tomhaltóirí le seirbhísí sláinte de réir mar a mheathlaíonn a gcuid sláinte agus a dhruideann an tseanaois leo agus a thagann an tseanaois orthu;
- (b) a inmhianaithe a bheith sé a chinntiú, ar mhaithe le dlúthpháirtíocht shochoaíoch ó ghlúin go glúin, agus ar neamhaird leis an réimse aoise nó stádas sláinte glúine faoi leith (nó aon chuid de), go mbeidh ualach na gcostas seirbhísí sláinte ar árachaithe trí fhoráil a dhéanamh le haghaidh fóirdheontas costas idir na daoine is láidre sláinte agus na daoine is laige sláinte, lena n-áirítear idir daoine aosta agus óga, gan dochar do ghinearálacht an chuspóra sin, go háirithe go mbeidh rochtain ag na daoine is laige sláinte, lena n-áirítear daoine aosta ar chlúdach árachais sláinte trí chreidmheasanna um chothromú fiontar;
- (c) an modh ina n-oibríonn an margadh árachas sláinte i leith conarthaí árachais sláinte, i ndáil le gnóthais chláráithe aonair agus ar fud an mhargaidh araon; agus

¹ An tOrdú um an Acht Árachais Sláinte, 1994 (An Lá Bunaithe), 2001 (I.R. Uimh. 40 de 2001).

(d) an tábhacht a bhaineann le gnóthais chláraithe a dhíspreagadh ó dhul i mbun cleachtas, nó ó chonarthaí árachas sláinte a thairiscint, cibé acu is trí dheighilt an mhargaidh árachas sláinte (ar cibé slí) nó trí bhealach eile, a mbeadh mar aidhm nó iarmhairt acu tosach a thabhairt do ghnóthais a bhaineann leis an riosca árachas sláinte de chuid na ndaoine is láidre sláinte, lena n-áirítear daoine óga, ar chlúdach an riosca árachas sláinte de chuid na ndaoine is laíge sláinte, lena n-áirítear daoine aosta.”

Sainmhínítear an Pobalráitú mar bhearta a thacaíonn leis an bpríomhchuspóir. Leagtar amach san Acht freisin prionsabail eile rialála a bhaineann le hárachas sláinte, rollú oscailte, clúdach saoil agus sochar íosta.

Is iad seo a leanas feidhmeanna an Údaráis:

- Monatóireacht a dhéanamh ar an margadh árachas sláinte agus comhairle a thabhairt don Aire (ar iarratais uaidh nó uaithe, nó ar a thionscnamh féin) i dtaobh cúrsaí árachas sláinte;
- Monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na nAchtanna Árachais Sláinte agus, nuair is cuí, fógraí forfheidhmíocháin a eisiúint chun comhlíonadh na nAchtanna a fhorfheidhmíú;
- Feidhmeanna áirithe a chur i gcrích maidir le cothromú fiontar, lena n-áirítear chun an ciste um chothromú fiontar a bhainistiú agus a riar;
- An beart cuí a mheasann sé a bheith cuí a dhéanamh chun feasacht an phobail a mhúscailt ar a gcearta mar thomhaltóirí árachas sláinte agus ar na seirbhísí árachas sláinte atá ar fáil dóibh; agus
- “Clár na nGnóthas Sochar Sláinte” agus “an Clár Teagmhálacha Árachas Sláinte” a choimeád ar bun.

Beidh na cumhachtaí riachtanacha á bhfeidhmíú ag an Údarás maidir le feidhmíocht a chuid feidhmeanna. D’fhéadfadh an tAire Sláinte (“an tAire”) freagrachtaí breise a thabhairt don Údarás mar a fhoráiltear sna hAchtanna.

3.1 Rialáil

3.1.1 Struchtúr Rialála an Mhargaidh

Bunaítear an córas rialála, i dtaobh árachas sláinte príobháideach na hÉireann, ar na príomhphrionsabail seo a leanas: pobalrátú, an rollú oscailte, clúdach saoil agus sochar íosta. Is é an aidhm atá leis a chinntiú nach gcosnaíonn árachas sláinte príobháideach níos mó do dhaoine a bhfuil gá níos mó acu leis. Is córas neamhchistithe é. Ciallaíonn sé sin nach ann do chiste a chuirtear le chéile le linn shaol an árahaí a chlúdaíonn na costais ar éilimh is dóigh a bheidh i gceist. Ina ionad, déanann gach árachóir an t-airgead ó árachaithe a chomhthiomsú, agus tugtar costas na n-éileamh in aon bhliain amháin amach ó na cistí.

Sa chomhthéacs sin, ní mór coincheap an phobalrátaithe a thuiscint. Ciallaíonn sé sin nach bhfuil éifeacht ag an leibhéal riosca a bhaineann le tomhaltóir faoi leith leis an bpréimh a íoctar. I bhfocail eile, gearrtar an phréimh chéanna ar gach duine i leith plean faoi leith, is cuma cad is aois dó, cén inscne atá i gceist, nó is cuma faoi shláinte reatha an duine nó amach anseo. Tá sé seo faoi réir eisceachtaí maidir le leanaí faoi 18 mbliana, mic léinn faoi 23 a fhaigheann oideachas lánaimseartha, baill scéimeanna grúpa agus pinsinéirí gnóthas ballraíochta teoranta.

Ciallaíonn rollú oscailte agus clúdach saoil nach mór d'árachóirí sláinte glacadh le gach iarrthóir ar árachas sláinte, ach amháin in imthosca teoranta a shonraítear sa reachtaíocht. Tá an ceart ag gach tomhaltóir freisin a gcuid beartas a athnuachan is cuma cad is aois dó nó is cuma faoi shláinte an duine sin.

Faoi na Rialacháin um Shochar Íosta, ní mór do gach táirge árachais, a sholáthraíonn clúdach i leith cóireáil ospidéil d'othair chónaitheacha, íosleibhéal áirithe sochar a sholáthar. Meastar go bhfuil sé riachtanach íosleibhéal sochar a rialú mar gheall ar nádúr casta agus speisialaithe táirgí árachas sláinte príobháideach. Gan rialachán a bheith ann, d'fhéadfadh go soláthrófaí táirgí do thomhaltóirí nach soláthraíonn leibhéal cuí clúdaigh dóibh.

Is próiseas é cothromú fiontar a thugann aghaidh ar na difríochtaí ar chostais éileamh árachóirí a eascraíonn as athruithe ar shláinte a mball. Baineann cothromú fiontar le híocaíochtaí le hárachóirí nó uathu maidir le próifíl fiontar a mballraíochtaí. Is meicníocht choitianta é cothromú fiontar i dtíortha ina bhfuil córais árachas sláinte atá pobalrátaithe. Déantar foráil sna hAchtanna Árachais Sláinte do Scéim um Chothromú Fiontar a thabhairt isteach.

3.1.2 Córas Eatramhach um Chothromú Fiontar

I 2003, thug an tAire Sláinte agus Leanaí Scéim um Chothromú Fiontar isteach faoi na hAchtanna Árachais Sláinte. Faoi Scéim sin, ní chuirtear tús le híocaíochtaí ach amháin má mholann an tÚdarás é agus má ghlacann an tAire le moladh an Údaráis. Chinn an tAire, ar mholadh an Údaráis, tús a chur le cothromú fiontar faoin reachtaíocht infheidhme ag an am ón 1 Eanáir 2006. Aisiompaíodh an reachtaíocht ghaolmhar sna Cúirteanna i 2008.

Nuair a cuireadh deireadh leis an Scéim um Chothromú Fiontar, 2003, i 2008, d'fhógair an Rialtas ag an am go raibh sé ar intinn acu córas nua um chothromú fiontar a thabhairt isteach, rud a bheadh "láidir, trédhearcach agus éifeachtach". D'aithin an Rialtas go dtabharfadh sé tréimhse shuntasach ama orthu an córas sin a fhorbairt agus thug sé córas eatramhach isteach san Acht Árachais Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009, rud a bhí i bhfeidhm ó 2009-2012.

Creidmheasanna Cánach Aoischoibhneasa agus Dleacht Stampa Phobalráitithe i 2012

San Acht Árachais Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009, tugadh isteach córas um chothromú fiontar atá bunaithe ar chánachas. Déantar foráil leis an Acht go bhfaigheann Árachóirí Ballraíochta Oscailte préimh níos airde i leith daoine níos sine a árcháitear, ach go bhfaigheann na daoine sin creidmheasanna cánach ar méid comhionann leis an bpréimh bhreise. Ar an tslí sin, gearrtar an glanmhéid céanna ar dhaoine fásta i leith clúdach faoi leith. Íocann daoine fásta, a bhfuil an leibhéal sin clúdaigh acu, an glanmhéid céanna ach faigheann árachóirí préimh chomhlán níos airde i leith daoine níos sine a árcháitear mar chúiteamh sa leibhéal níos airde éileamh. Seo a leanas na creidmheasanna cánach ón mbliain pholasaí 2012 ar aghaidh:

Creidmheasanna Cánach	2012
50-59	Nialas
60-64	€600
65-69	€975
70-74	€1,400
75-79	€2,025
80-84	€2,400
85+	€2,700

D'fhonn an córas a mhaoiniú, íocann árachóirí tobhach pobalráitithe i leith na ndaoine uile a chlúdaíonn siad. I 2012, ba é €285 méid an tobhaigh do dhaoine fásta, agus €95 do leanaí.

Bhí feidhm ag na rátaí sin suas go dtí an 30 Márta 2013.

Déanann gnóthais árachas sláinte an tobhach pobalráitithe, agus creidmheasanna cánach, cosúil leis an bhfaoiseamh cánach reatha atá cothrom le 20% den phréimh, a riar.

Measúnú ar róchúiteamh

Ceanglaítear ar an tÚdarás measúnú a dhéanamh ar cé acu a dhéanann nó nach ndéanann cothromú fiontar aon árachóir a róchúiteamh.

- Uair sa bhliain, faoin 1 Aibreán, ceanglaítear ar árachóirí cuntais bhrabúis agus chaillteanais agus cláir chomhardaithe, sa mhéid is go mbaineann siad le gnó atá clúdaithe sna tuairisceáin faisnéise, a sholáthar don tÚdarás.
- Déanann an tÚdarás a mheas an ndearna na bearta eatramhacha aon árachóir a róchúiteamh, a ligeann dóibh níos mó ná brabús réasúnta a thuilleamh. Más é tuairim an tÚdarais go ndearnadh árachóir a róchúiteamh, déanfaidh an tÚdarás dréacht-tuarascáil a eisiúint don árachóir. Cuirfidh an tÚdarás san áireamh aon aighneacht a fuarthas ón árachóir sula ndéanfaidh sé cinneadh ar cé acu a bhí nó nach raibh róchúiteamh ann; agus
- Má chinneann an tÚdarás gurb ann don róchúiteamh, eisíonn sé tuarascáil don Aire, agus don árachóir lena mbaineann, ina luaitear méid an róchúitimh. Ní mór don árachóir méid an róchúitimh a aisíoc leis an Stáchtiste.

Bhain an tríú measúnú den sórt sin, a rinneadh i 2012, leis an tréimhse ama 1 Eanáir 2009 go 31 Nollaig 2011. Chinn an tÚdarás gurbh ionann an brabús réasúnta sa mhargadh árachas sláinte príobháideach in Éirinn, sna trí bliana sin, agus toradh 13% ar chaipiteal sa bhliain. Is é Árachas Sláinte Saorálach an t-aon ghnóthas a raibh ina ghlantairbhí i 2009, i 2010 nó i 2011. Chinn an tÚdarás nach ndearnadh Árachas Sláinte Saorálach a róchúiteamh sa tréimhse trí bliana sin.

3.1.3 An tAcht Árachais Sláinte (Leasú), 2012

Le linn 2012, thug an tÚdarás comhairle don Roinn Sláinte maidir le dréachtú an Achta Árachais Sláinte (Leasú), 2012, lenar foráladh, inter alia, go dtiocfadh an Córas um Chothromú Fiontar i bhfeidhm ó 2013 (“an Córas um Chothromú Fiontar, 2013”).

An Córas um Chothromú Fiontar, 2013

Cosúil leis an gcóras eatramhach, is é atá i gceist leis an gCóras um Chothromú Fiontar, 2013, ná go bhfaigheann árachóirí préimheanna níos airde ó árachas a chur ar fáil do na grúpaí is laige sláinte. Mar an gcéanna, cosúil leis an gcóras eatramhach, tá creidmheasanna ar méid comhionann leis an préimh bhreise is iníoctha i leith ball de na grúpaí is laige sláinte. Ar an tslí sin, gearrtar an glanmhéid céanna ar dhaoine fásta i leith clúdach faoi leith. Íocann daoine fásta, a bhfuil an leibhéal sin clúdaigh acu, an glanmhéid céanna ach faigheann árachóirí préimh chomhlán níos airde i leith daoine sna grúpaí is laige sláinte a árchaitear mar chúiteamh sa leibhéal níos airde éileamh. Cosúlacht eile leis an gcóras eatramhach ná go ndéanann tobhach is iníoctha ag árachóirí maidir le gach duine a gcuireann siad árachas ar fáil dóibh na creidmheasanna a mhaoiniú.

Is iad seo a leanas na príomhdhifríochtaí idir an córas eatramhach agus an Córas um Chothromú Fiontar, 2013:

- Íoctar Creidmheasanna um Chothromú Fiontar ó chiste atá á oibriú ag an Údarás Árachas Sláinte, in ionad a bheith á n-íoc i bhfoirm creidmheasanna cánach.
- Athraíonn na Creidmheasanna um Chothromú Fiontar is iníoctha i leith préimheanna de réir aoise, inscne agus leibhéal clúdaigh, in ionad iad a bheith bunaithe ar aois amháin.
- Athraíonn an Tobhach Pobalráitithe is iníoctha idir leanaí agus daoine fásta agus idir dhá leibhéal clúdaigh.
- Tá Creidmheasanna um Chothromú Fiontar iníoctha i leith éileamh anois freisin, agus tá méid seasta iníoctha ón gciste um Chothromú Fiontar as gach oíche a chaitheann árchaithe i gcóiríocht ospidéal phríobháideach. Laghdaíonn sé sin an costas ar an árachóir a bhaineann le hárachas a chur ar fáil do na daoine is laige sláinte.

Is iad na cuideachtaí árachas sláinte agus an Ciste um Chothromú Fiontar a riarann na Creidmheasanna um Chothromú Fiontar agus an Tobhach Pobalráitithe. Déanann árachóirí íocaíochtaí Tobhaigh Phobalráitithe i gcás polasaithe a thosaíonn nó a athnuaitear ar 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh a íoc leis na Coimisinéirí Ioncaim. Ina dhiaidh sin, aistríonn na Coimisinéirí Ioncaim an t-airgead sin chuig an gCiste um Chothromú Fiontar. Déanann an tÚdarás Árachas Sláinte Creidmheasanna um Chothromú Fiontar a íoc leis na hárachóirí ón gCiste. Tugtar aon bharrachais nó easnaimh sa Chiste ar aghaidh agus cuirtear san áireamh iad nuair atá rátaí an Tobhaigh Phobalráitithe.

Leagtar an próiseas a bhaineann le Creidmheasanna um Chothromú Fiontar amach sna hAchtanna Árachais Sláinte:

- Sonraítear méideanna na gCreidmheasanna um Chothromú Fiontar sna hAchtanna Árachais Sláinte.
- Déanann an tÚdarás sonraí éileamh, sonraí daonra agus sonraí eile atá sna tuairisceáin ó árachóirí a mheasúnú agus a anailísiú gach sé mhí.
- Uair amháin sa bhliain, eisíonn an tÚdarás tuarascáil don Aire maidir leis an measúnú agus anailís a rinne sé ar na tuairisceáin sin, má iarrann an tAire amhlaidh. Is é atá sa tuarascáil sin moltaí maidir le rátaí na gCreidmheasanna um Chothromú Fiontar agus an Tobhaigh Phobalráitithe. Sna moltaí sin, tugtar aird ar an bpríomhchuspóir, ar an aidhm chun róchúiteamh a sheachaint, ar an aidhm chun inbhuanaitheacht an mhargaidh árachais sláinte a chothabháil agus ar an aidhm chun iomaíocht chothrom oscailte a bheith ann.
- Má mholann an tAire athrú ar na Creidmheasanna um Chothromú Fiontar, déanann sé é sin trí leasuithe a mholadh ar na hAchtanna Árachais Sláinte, ina sonraítear méideanna na gcreidmheasanna.
- Agus aird á tabhairt aige ar Thuarascáil an Údaráis, ar an bpríomhchuspóir, ar an aidhm chun róchúiteamh a sheachaint, ar an aidhm chun inbhuanaitheacht an mhargaidh árachais sláinte a chothabháil agus ar an aidhm chun iomaíocht chothrom oscailte a bheith ann, féadfaidh an tAire moltaí a dhéanamh don Aire Airgeadais maidir le rátaí an tobhaigh phobalráitithe, a ndéantar foráil dóibh sna hAchtanna Comhdhlúite Dleachtanna Stampa.
- Tugtar rátaí na gCreidmheasanna um Chothromú Fiontar agus an Tobhaigh Phobalráitithe isteach sa dlí má achtaíonn an tOireachtas iad.

Le linn 2012, fuair an tÚdarás tuairisceáin faisnéise don dara leath de 2011 agus don chéad leath de 2012 ó gach ceann de na hárachóirí ballraíochta oscailte. Cuireadh tuarascálacha maidir leis na measúnuithe agus leis na hanailísí ar na tuairisceáin sin faoi bhráid an Aire in Aibreán agus i Samhain 2012. Áiríodh ar an Tuarascáil i Samhain 2012 moladh an Údaráis maidir le rátaí na gCreidmheasanna um Chothromú Fiontar agus an Tobhaigh Phobalráitithe. Chuir an tÚdarás ríomhanna breise ar fáil don Aire i gcomhthéacs a chuid cúrsaí breithnithe. I Nollaig 2012, achtaíodh an tAcht Árachais Sláinte (Leasú), 2012, ar an gcoinníoll go mbeadh feidhm ag na Creidmheasanna um Chothromú Fiontar agus ag na Dleachtanna Stampa seo a leanas ó 31 Márta 2013:

Creidmheasanna um Chothromú Fiontar

	Conarthaí nach Ard-Chlúdach		Conarthaí is Ard-Chlúdach	
	Fear	Bean	Fear	Bean
60-64	€375	€250	€425	€275
65-69	€900	€650	€1,050	€775
70-74	€1,450	€975	€1,700	€1,150
75-79	€2,050	€1,550	€2,425	€1,800
80+	€2,850	€1,925	€3,375	€2,275

Tá creidmheas úsáide leapa ospidéil ar fiú €75 é infoctha freisin i leith gach oíche a chaitheann árachaí i gcóiríocht phríobháideach nó leasphríobháideach.

Tobhach Pobalráitithe

	Conarthaí nach Ard-Chlúdach	Conarthaí is Ard-Chlúdach
Duine Fásta	€290	€350
Leanbh	€100	€120

Leibhéal Clúdaigh

Faoin Acht Árachais Sláinte (Leasú), 2012, cinneann an tÚdarás cad iad na cineálacha conarthaí árachais sláinte ar Conarthaí Nach Ard-Chlúdach iad. Baineann na leibhéil is ísle de Chreidmheasanna um Chothromú Fiontar agus den Tobhach Pobalráitithe le conarthaí den sórt sin. Cinneadh an sainmhíniú atá ar Chonradh Nach Ard-Chlúdach tar éis comhairliúcháin leis na hárachóirí agus éilíonn sé go soláthraíonn an conradh do nach mó ná 66 faoin gcéad den chostas iomlán ar tháillí ospidéil in ospidéal príobháideach nó nach mó ná na híocaíochtaí íosta forordaithe faoi na Rialacháin um Shochar Íosta, cibé acu is airde. Measadh go dteastódh am ó árachóirí a gcuid conarthaí a oiriúnú chun na critéir sin chomhlíonadh. Nuair a rinne an tÚdarás measúnú ar na conarthaí a bhí ar fáil sa mhargadh den chéad uair (roimh 31 Nollaig 2012), fuair sé amach nár chomhlíon ceann ar bith de na cineálacha conartha a bhí ar fáil sa mhargadh na critéir maidir lena bheith ina gConarthaí nach ard-chlúdach. Mar sin féin, ní raibh aon tionchar praiticiúil aige sin toisc nár tháinig na leibhéil níos ísle de Chreidmheasanna um Chothromú Fiontar agus den Tobhach Pobalráitithe i bhfeidhm go dtí 31 Márta 2013. Ar 31 Márta 2013, bhí 32 cineál conartha árachais sláinte a shonraigh an tÚdarás a bheith ina gconarthaí nach ard-chlúdach, agus bhí cineál conartha nach ard-chlúdach amháin ar a laghad ag gach ceann de na hárachóirí ballraíochta oscailte. Sonraíodh na cineálacha conarthaí mar a bheith ina gConarthaí nach ard-chlúdach sna Rialacháin a chuir an tÚdarás i bhfeidhm i Márta 2013 agus ar Chlár na gConarthaí Árachais Sláinte freisin.

Fógra Táirgí

Rinneadh leis an Acht Árachais Sláinte (Leasú), 2012, an méid fógra nach mór d'árachóir a thabhairt don Údarás nuair a bheartaíonn sé cineál nua conartha árachais sláinte a mhéadú ó 10 lá oibre go 30 lá. Rinneadh leis an Acht freisin an méid ama nach féidir cineál conartha árachais sláinte a athrú ann a mhéadú go 60 lá.

Monatóireacht agus Forfheidhmiú

Cuireadh go mór le cumhachtaí monatóireachta agus forfheidhmithe an Údaráis mar gheall ar an reachtaíocht i 2012. Beidh sé de chumhacht ag an Údarás Oifigigh Údaraithe a cheapadh, agus beidh sé de chumhacht ag na hOifigigh sin dul isteach in áitreabh ina gcoimeádtar taifid agus an t-áitreabh sin a dhainníú, a éileamh go gcuirfear taifid ar fáil, éileamh ar aon duine atá fostaithe i ndáil le gnó faisnéis ábhartha a chur ar fáil, agus a éileamh go gcuirfear tuarascálacha ar fáil maidir le cúrsaí ábhartha.

Ina theannta sin, tá sé de chumhacht ag an Údarás ionchúisimh achoimre a thionscnamh i gcás sárúithe ar an reachtaíocht árachais sláinte.

3.1.4 Clár na nGnóthas Sochar Sláinte

Tá an tÚdarás freagrach as “Clár na nGnóthas Sochar Sláinte” (“an Clár”) a choimeád ar bun. Déantar foráil le halt 14 de na hAchtanna Árachais Sláinte nach mór d’aon árachóir sláinte, a bhfuil gnó árachais sláinte aige in Éirinn, clárú leis an Údarás agus teastas a fháil uaidh.

Ceanglaítear orthu iarratas a dhéanamh ar athnuachan ar chlárú gach bliain. Ar chlárú dóibh, eisítear teastas don árachóir sláinte a dheimhníonn go bhféadfaidh an t-árachóir árachas sláinte príobháideach a sholáthar i gcomhréir le téarmaí a chuid rialacha agus faoin reachtaíocht ábhartha.

Is ann do dhá ghnóthas árachas sláinte in Éirinn. Is éard atá i gceist le gnóthais bhallaíochta oscailte ná árachóirí sláinte nach mór dóibh glacadh le gach custaiméir ar mhian leo árachas sláinte a fháil (faoi réir srianta áirithe teoranta mar a shonraítear sa reachtaíocht). Is éard atá i gceist le gnóthais bhallaíochta teoranta ná gairmscéimeanna den chuid is mó, a bhfuil a ballraíocht teoranta d'fhostaithe eagraíochtaí áirithe. Déantar foráil le hAcht 2009 nach féidir aon ghnóthais bhallaíochta teoranta nua a bhunú.

Elips Insurance Limited

Ar an 1 Bealtaine 2012, cuireadh Elips Insurances Limited le Clár na nGnóthas Sochar Sláinte agus cuireadh deireadh le héifeacht Quinn Insurance Limited (Faoi Riarachán) ar chonarthaí árachas sláinte.

Beidh árachas ar fáil ag sealbhóirí polasaithe árachas sláinte ó Quinn Insurance Limited (Faoi Riarachán) an 30 Aibreán 2012 go dtí an chéad dáta athnuachana eile. Tabharfar cuireadh dóibh ansin a gcuid conarthaí a athnuachan le Elips Insurances Limited.

Athainmníodh Quinn Healthcare Limited, a dhíolann agus a riarann conarthaí ar son Quinn Insurance Limited (Faoi Riarachán), mar Laya Healthcare Limited. Déanfaidh an chuideachta conarthaí a riar agus a dhíol ar son Elips Insurances Limited in Éirinn amach anseo. Trádálfaidh Elips Insurances Limited mar Laya Healthcare in Éirinn as seo amach.

Tá cead ag Elips Insurance Limited dul i mbun gnó árachas breoiteachta faoi na Treoracha Neamshaoil de chuid an Údaráis Mhargaí Airgeadais i Lichtinstéin.

Great Lakes Reinsurance (An Ríocht Aontaithe) Plc

Ar an 1 Iúil 2012, cuireadh Great Lakes Reinsurance (An Ríocht Aontaithe) Plc le Clár na nGnóthas Sochar Sláinte. Déanfaidh GloHealth Financial Services Limited táirgí a dhíol agus a riar ar son Great Lakes Reinsurance (An Ríocht Aontaithe) Plc, a n-úsáidfidh a gcuid táirgí branda GloHealth.

Tá cead ag Great Lakes Reinsurance (An Ríocht Aontaithe) Plc dul i mbun gnó árachas breoiteachta faoi na Treoracha Neamshaoil de chuid an Údaráis Seirbhísí Airgeadais sa Ríocht Aontaithe.

3.1.5 An Clár Teagmhálacha Árachas Sláinte

Tá an tÚdarás freagrach as “an Clár Teagmhálacha Árachas Sláinte” a choimeád ar bun. Luaitear in Alt 7AC de na hAchtanna Árachais Sláinte go mbeidh an clár i cibé foirm agus go mbeidh cibé sonraí ann maidir le haon chonradh árachas sláinte atá á thairiscint sa Stát a shonróidh an tÚdarás. Beidh fáil ar ábhair an Chláir lena iniúchadh ar láithreán gréasáin an Údaráis ag: www.hia.ie/consumer-information/register-of-health-insurance-contracts/ nó ag oifig an Údaráis.

Athbheithniú ar Chonarthaí Nua atá Beartaithe

Faigheann an tÚdarás fógra roimh ré 30 lá faoi gach conradh nua a bheartaíonn árachóirí a thairiscint agus déanann sé athbheithniú ar shonraí na gconarthaí sin chun a chinntiú go gcloíonn siad leis na hAchtanna Árachais Sláinte. Nuair a bhí imní ar an Údarás faoi chonarthaí, chuir sé na hábhair imní sin in iúl d'árachóirí. Mar gheall ar an bpróiseas sin, rinneadh árachóirí conarthaí a leasú nó a tharraingt siar. Príomhghné d'athbheithniú na Roinne ar chonarthaí nua atá beartaithe is ea comhlíonadh na Rialacháin um Shochar Íosta (1996). Mhol an tÚdarás go dtabharfaí Rialacháin nua isteach mar go bhfuil na Rialacháin a tugadh isteach i 1996 as dáta anois.

3.2 Taighde agus Comhairle

3.2.1 Monatóireacht ar an Margadh Árachas Sláinte

Méid an mhargaidh

Is é an margadh árachas sláinte an margadh is mó árachas neamhshaoil in Éirinn. I 2012, ba é €2.2bn an t-ioncam árachas préimhe, ar mhéadú é ó €2.0bn i 2011. As an méid iomlán sin, bhí gnóthais bhallaíochta teoranta freagrach as beagán os cionn €100m.

Mar atá le feiceáil in Aguisín A, ba é líon na ndaoine faoi árachas, leanaí san áireamh, sa mhargadh árachas sláinte ná 2.1m duine ag deireadh 2012, rud arb ionann é agus 46% den daonra. Tar éis don fhigiúr sin a bheith ag fás le blianta fada, shroich líon na ndaoine faoi árachas buaic de 2.3m (50.9% den daonra) ag deireadh 2008. Tá an figiúr sin tar éis titim i ngach ceann de na ceithre bliana anuas.

Tháinig an titim san éileamh ar árachas sláinte chun cinn mar gheall ar thitim dhíríreach san éileamh ó dhaoine fásta níos óige. Idir deireadh na bliana 2009 agus deireadh na bliana 2012, bhí titim de 143,000 duine (-14%) ar líon na ndaoine fásta idir 18 agus 50 bliain d'aois a raibh árachas sláinte acu, cé go raibh méadú de 32,000 duine (+5%) ar líon na ndaoine fásta os cionn 50 bliain d'aois a raibh árachas sláinte acu. Dá bhrí sin, fágann an treocht laghdaitheach reatha sa mhargadh árachas sláinte, mar aon le treocht dhifreálach idir aoisghrúpaí, go bhfuil méadú ag teacht ar an ráta ag a bhfuil an margadh ina iomláine ag dul in aois.

I margadh deonach pobalráitithe atá bunaithe ar dhlúthpháirtíocht idirghlúine, tá an-tábhacht a bhaineann le baill bhrabúsacha reatha (daoine óga den chuid is mó) a choinneáil agus le baill nua óga a mhealladh ó thaobh chobhsaíocht an mhargaidh de. D'fhéadfadh forálacha an Achta Árachais Sláinte (Leasú), 2012, do Thobhach Pobalráitithe níos ísle a bheith ann do chonarthaí árachas sláinte nach ard-chlúdach (atá i seilbh dhíríreach ag daoine óga) cabhrú leis sin. Ina Thuarascáil don Aire i Samhain 2012, d'aithin an tÚdarás dhá rogha pholasaí eile, a ligfeadh d'árachóirí lascaíní teoranta a chur i bhfeidhm i gcás préimheanna do dhaoine fásta óga agus Pobalrátú Saoil (lena gcuirtear córas lódálacha préimhe i bhfeidhm i gcás na ndaoine siúd nach mór dóibh fanacht go dtí go mbeidh siad níos óige sula gceannóidh siad árachas sláinte den chéad uair) a thabhairt isteach. Ar ndóigh, i margadh árachas sláinte do chách, níl gá le bearta den sórt sin toisc go gceanglaítear ar gach duine árachas sláinte a bheith acu, beag beann ar a n-aois.


Tá ceithre árachóir ballraíochta oscailte ag oibriú sa mhargadh faoi láthair agus tá sciar den mhargadh de chuid Árachas Sláinte Saorálach, arbh ionann é agus 95% sular osclaíodh an margadh don iomaíocht, tar éis titim go 56%. Tá sciar 22% den mhargadh ag Laya Healthcare, tá sciar 17% den mhargadh ag Aviva Health, tá sciar 1% ag GloHealth, agus is ionann an sciar den mhargadh atá ag gnóthais bhallaíochta teoranta agus 4%. Athraíonn sciartha margaidh go mór de réir aoiseanna na n-árachaithe. Níl cuid mhór de na custaiméirí árachas sláinte is sine faighte ag na hiontrálaithe sa mhargadh léirscaoilte. Mar shampla, ag deireadh 2012, lean Árachas Sláinte Saorálach ar aghaidh le hárachas a chur ar fáil do 82% díobh siúd os cionn 70 bliain d'aois a bhfuil árachas acu le hárachóir ballraíochta oscailte.

Costais Árachas Sláinte

Ba í an mheánphréimh árachas sláinte a íocadh i 2012 ná €1,048. B'ionann í sin agus méadú 12% ar an meánphréimh do 2011 (€935). Léiríonn an ráta méadaithe sin an ráta méadaithe sa mheánéileamh a íocadh sa mhargadh (14% idir 2011 agus 2012), rud a ndearna an ráta méadaithe i líon na laethanta cóireála ospidéil in aghaidh an áracháí (10% idir 2011 agus 2012) difear dó.

Measann an tÚdarás go dtagann thart ar 3.5% den mhéadú i gcostais éileamh ón daonra árachaithe atá ag dul in aois. Léirítear sna cairteacha seo a leanas gur tháinig méadú ar na rátaí éileamh a íocadh agus ar na laethanta cóireála in aghaidh an áracháí idir 2004 agus 2012.

Sochair fhorordaithe mhargaidh in aghaidh an áracháí ó 2004 go 2012



Sna ceithre bliana idir 2004 agus 2008, mhéadaigh an meánsochar forordaithe a íocadh in aghaidh an áracháí faoi 6.7% in aghaidh na bliana ar an meán, agus, sna ceithre bliana idir 2008 agus 2012, mhéadaigh an meánsochar forordaithe a íocadh in aghaidh an áracháí faoi 12.6% in aghaidh na bliana.

Laethanta cóireála margaidh in aghaidh an áracháí ó 2004 go 2012



Idir 2004 agus 2008, thit meánlíon na laethanta cóireála in aghaidh an áracháí faoi 12%. Idir 2008 agus 2012, mhéadaigh meánlíon na laethanta cóireála in aghaidh an áracháí faoi 45%.

D'fhéadfadh staid thromchúiseach teacht chun cinn maidir le hinbhuanaitheacht an mhargaidh árachas sláinte príobháideach mar gheall ar an ráta méadaithe an-ard i líon na laethanta cóireála in aghaidh an áracháí agus sna costais éileamh ghaolmhara in aghaidh an áracháí. Bhí athrú mór sna rátaí méadaithe i líon na laethanta cóireála agus i gcostas éileamh idir 2008 agus 2009 agus, cé gur mhoilligh na rátaí méadaithe sin i 2010 agus i 2011, léirítear sna tuairisceáin is déanaí do 2012 gur bhrostaigh an méadú i ráta éileamh arís eile.

3.2.2 Taighde Coimisiúnaithe ar an Margadh Árachas Sláinte

Coimisiúnaíonn an tÚdarás taighde ar an margadh árachas sláinte gach dhá bhliain. Foilsíodh an taighde is déanaí, an cúigiú ceann sa tsraith, i 2012 agus bhí sé bunaithe ar obair allamuigh a rinneadh go déanach i 2011. Soláthraítear faisnéis luachmhar sa tsraith tuairiscálacha taighde faoin margadh árachas sláinte, lena n-áirítear treochtaí sa mhargadh le himeacht ama.

Áirítear iad seo a leanas ar phríomhthorthaí an taighde:

- Is rud luachmhar é árachas sláinte príobháideach do thomhaltóirí go fóill. Aontaíonn 59% díobh go láidir nó go measartha leis an ráiteas gur riachtanas é árachas sláinte príobháideach, agus nach só é.
- Ó thuarascáil 2010, tá méadú ó 73% go 85% ar líon na dtomhaltóirí a dúirt go ndéanfaidís an clúdach atá acu a choimeád ar bun nó a uasghrádú sa chéad 12 mhí eile.
- Ba í an chúis is coitianta le hárachas sláinte príobháideach gan a bheith ag daoine ná “costas/préimheanna atá ró-ard/níl sé d’acmhainn agam”. Bhain sé sin le 50% de na freagróirí a chuir clúdach ar ceal.
- Tháinig méadú, ó 36% go 49%, ar an gcéatadán de thomhaltóirí a chreideann gur míchuí (ró-ard) atá méaduithe préimhe.
- Leanann an céatadán de thomhaltóirí a d’athraigh árachóir uair amháin ar a laghad de bheith ag ardú. Is ionann an céatadán sin anois agus 23% de shealbhóirí árachas sláinte príobháideach (15% i 2009 agus 10% i 2007). Ina theannta sin, smaoinigh 20% eile díobh nár athraigh soláthraí riamh faoina leithéid a dhéanamh – is é sin, méadú 13%. Is í an phríomhchúis le soláthraí a athrú ná coigilt chostais.
- I gcás na bhfostóirí, a ghlac páirt sa suirbhé, agus a raibh grúpscéim árachas sláinte príobháideach i bhfeidhm acu, bhí sé ar intinn ag formhór mór acu an clúdach polasaí céanna agus an leibhéal céanna fóirdheontais d’fhostaithe a choimeád ar bun.

3.2.3 Árachas Sláinte do Chách

Déantar foráil leis an gClár Rialtais do chóras Árachais Sláinte do Chách (UHI) a thabhairt isteach roimh 2016. Beidh an obair bhunaidh reachtaíochta agus eagraíochtúil maidir leis an gcóras déanta, agus tabharfar cúram príomhúil do chách isteach le linn théarma oifige an Rialtais seo. D’fhoilsigh an tAire réamhpháipéar ar Árachas Sláinte do Chách, inar tuairiscíodh an dul chun cinn a rinneadh i 2012 chun ullmhú d’Árachas Sláinte do Chách, agus inar léiríodh na príomhréimsí oibre do 2013. Beidh mórathruithe i rialáil mhargadh árachas sláinte na hÉireann i gceist le tabhairt isteach Árachais Sláinte do Chách. Cuirtear riachtanais an chórais árachas sláinte deonach reatha agus an gá atá le creat rialála cuí a bhunú d’Árachas Sláinte do Chách araon san áireamh sa chomhairle bheartais a thugann an tÚdarás don Aire.

I 2012, d'iarr an tAire ar an Údarás Tuarascáil a chur le chéile, ina dtuairisceodh an tÚdarás cad atá i ndán dó, lena n-áirítear i gcomhthéacs árachais sláinte do chách, agus cad iad na cumhachtaí/na hacmhainní eile a d'fhéadfadh a bheith cuí. Cuireadh an Tuarascáil faoi bhráid an Aire go luath i mí Iúil.

Ag tús na Tuarascála, cuireadh síos ar struchtúr rialála reatha an mhargaidh árachas sláinte deonach agus rinneadh achoimre ar thuairimí an Údaráis faoin dóigh ar cheart Rialáil an mhargaidh dheonaigh reatha a neartú.

I gcás árachas sláinte do chách, díríodh sa Tuarascáil ar an mbonneagar rialála atá ag teastáil do mhargadh árachais sláinte do chách (seachas saincheisteanna rialála airgeadais agus gnó a thagann faoi choimirce Bhanc Ceannais na hÉireann), in ionad a bheith ag smaoineamh faoin raon gníomhartha níos leithne a bheadh ag teastáil do chóras árachais sláinte do chách nó faoi shaincheisteanna rialála a bhaineann le UHI nach mbaineann leis an margadh árachas sláinte féin. Tugadh aghaidh sa Tuarascáil ar an dá shaincheist sin sa chóras árachas sláinte reatha agus ar shaincheisteanna a bhaineann le córais UHI.

3.3 Leasanna Tomhaltóirí

I measc fheidhmeanna an Údaráis, tá: “an beart cuí a mheasann sé a bheith cuí a dhéanamh chun feasacht an phobail a mhúscailt ar a gcearta mar thomhaltóirí árachas sláinte agus ar na seirbhísí árachas sláinte atá ar fáil dóibh; chomh maith le monatóireacht a dhéanamh ar na hAchtanna Árachais Sláinte agus, nuair is gá, comhlíonadh na hAchtanna Árachais Sláinte a fhorfheidhmiú.

3.3.1 Ceisteanna agus Gearáin Tomhaltóirí

Cabhraíonn an tÚdarás le tomhaltóirí trí cheisteanna faoi árachas sláinte a fhreagairt agus trí chabhrú leo díospóidí a réiteach le hárachóirí. I 2012, fuair an tÚdarás beagnach 5,000 ceist agus gearán ó thomhaltóirí tríd an teileafón, trí ríomhphost, trí litir agus i bpearsa. Áirítear iad seo a leanas ar na hábhair is coitianta a cuireadh in iúl don Údarás:

- Iarratais ar chomparáidí idir táirgí árachas sláinte;
- Beartais chealaithe árachóirí;
- Cearta i dtaobh árachóirí a athrú;
- Ceisteanna ginearálta maidir le táirgí árachas sláinte agus le tréimhsí feithimh;
- An costas atá ar árachas sláinte príobháideach;
- Caighdeán seirbhíse árachóirí; agus
- Iarratais ar fhoilseacháin faisnéise an Údaráis.

Le linn 2012, rinne an tÚdarás idirghabháil rathúil ar son tomhaltóirí i dtaobh ceisteanna a tháinig anuas maidir lena gcuid árachas sláinte. Leagtar amach dhá shampla de chásanna ar thug an tÚdarás aghaidh orthu thíos.

Staidéar Cáis 1

Ghlaoigh tomhaltóirí chun gearán a dhéanamh go bhfuair sé comhfhreagras ó árachóir ag airbheartú táille chealaithe lárthearma a ghearradh toisc, ag a dháta athnuachana, gur aistrigh sé chuig árachóir eile gan fógra a thabhairt dá árachóir roimhe go mbeadh sé ag aistriú chuig soláthraí nua. Chuir an fhoireann ionaid ghlaonna in iúl dó go raibh táille chealaithe dlite freisin. Mar sin féin, níor íoc an custaiméir aon phréimh don bhliain pholasaí nua leis an seanárachóir. Dá bhrí sin, níor athnuaigh sé a pholasaí leis an seanárachóir agus ní raibh aon pholasaí i bhfeidhm a bhféadfaí táille chealaithe a ghearradh ina leith.

Rinne an tÚdarás teagmháil le seanárachóir an chustaiméara chun fiosrú a dhéanamh faoin gceist. D’admhaigh an t-árachóir go ndearnadh botún agus dúirt sé nach ngearrfaí pionós ar an gcustaiméir mar gheall ar shárú conartha. Gheall sé go ndéanfaí teagmháil leis an gcustaiméir chun leithscéal a ghabháil leis agus go gcuirfí athoiliúint ar an bhfoireann. Bhí an custaiméir sásta leis an toradh.

Staidéar Cáis 2

Chuir tomhaltóir gloach ar a hárachóir chun a polasaí a chealú agus chun a rá leis go mbeadh sí ag aistriú chuig árachóir eile. Chuir gníomhaire in iúl di go gcaithfí léi mar chustaiméir nua agus go mbeadh tréimhsí feithimh iomlána i gceist dá bhfillfeadh sí ar an árachóir a raibh sí ag imeacht uaidh tar éis 13 seachtaine. Toisc nár cheap sí go raibh sé sin ceart, ghlaigh sí níos déanaí agus dúirt gníomhaire eile an rud céanna léi.

Rinne an tomhaltóir teagmháil leis an Údarás ina dhiaidh sin chun a fháil amach cé acu a bhí nó nach raibh an fhaisnéis sin ceart. Chuir an tÚdarás in iúl go raibh an fhaisnéis sin mícheart agus go raibh clúdach leanúnach aici le hárachóir eile, go bhféadfadh sí filleadh ar an gcéad árachóir níos déanaí agus nach mbeadh aon tréimhsí feithimh breise ann chomh fada is nach mbeadh aon uasghrádú ar chlúdach i gceist. Bhí an tÚdarás i dteagmháil leis an árachóir maidir leis an tsaincheist seo. Rinne an t-árachóir imscrúdú ar an gcás agus d'admhaigh sé gur tugadh comhairle mhícheart. Gheall an t-árachóir go gcuirfí athoilúint ar na baill foirne agus go nglaofaí ar an gcustaiméir chun leithscéal a ghabháil léi.

3.3.2 Láithreán Gréasáin

Coimeádann an tÚdarás láithreán gréasáin, a sholáthraíonn faisnéis do thomhaltóirí de réir feidhmeanna um fhaisnéis tomhaltóirí a cuireadh ar an Údarás leis na hAchtanna Árachais Sláinte. Áirítear ar an láithreán gréasáin saoráid chomparáide plean, a ligeann do thomhaltóirí an plean is oiriúnaí dóibh a roghnú bunaithe ar a gcuid cúrsaí féin agus comparáid a dhéanamh ar shochair agus ar phraghsanna taobh le taobh. Tugann an tsaoráid chomparáide sin rochtain do thomhaltóirí ar shonraí gach plean ar an margadh, agus is í an t-aon acmhainn ina bhfuil an fhaisnéis sin ar fáil.

Fuair an láithreán gréasáin níos mó ná 450,000 cuairt i 2012; ar méadú 17% é ar líon na gcuariteoirí ar an láithreán i 2011. Tháinig méadú suntasach ar líon leantóirí leathanaigh Facebook agus Twitter an Údaráis i rith na bliana.

Fuair láithreán gréasáin an Údaráis dhá dhámhachtain i 2012; is iad sin, Dámhachtain Golden Spider don Láithreán Gréasáin Liostaithe is Fearr agus Dámhachtain Dot.ie Net Visionary Chumann Idirlín na hÉireann do shármhaitheas i ndearadh grafach, in-nascleanúint, inrochtaineacht agus inúsáidteacht.

4. Gnóthaí Corparáideacha

4.1 Straitéis

Bunaíodh an tÚdarás mar rialálaí neamhspleách don mhargadh árachas sláinte príobháideach in Éirinn. D'fhonn an ról sin a chomhlíonadh, d'fhorbair an tÚdarás plean oibre a bhfuil fíis, misean agus luachanna san áireamh ann.

Fís an Údaráis

Is é fíis an Údaráis ná oibriú “chun tairbhe don mhaitheas phoiblí trí thacú le Pobalráit, le Rollú Oscailte agus le Clúdach Saoil i margadh iomaíoch árachas sláinte”.

Misean an Údaráis

Is é misean an Údaráis an fhís sin a bhaint amach trí na nithe seo a leanas:

- Monatóireacht agus taighde a dhéanamh ar árachas sláinte i gcoitinne;
- Comhairle a thabhairt don Aire i dtaobh árachas sláinte i gcoitinne;
- Comhlíonadh na nAchtanna Árachais Sláinte a fhorfheidhmiú, nuair is gá;
- A chuid feidhmeanna a chomhlíonadh maidir leis an gcóras creidmheasanna cánach aoischoibhneasa;
- A chuid feidhmeanna a chomhlíonadh maidir leis an gcóras um Chothromú Fiontar;
- Rialacháin chúig eile a chur i bhfeidhm mar a fhorordaítear iad;
- Faisnéis a sholáthar do thomhaltóirí maidir lena gcuid ceart agus tuairimí; agus
- Leasanna tomhaltóirí reatha árachas sláinte a chosaint.

Luachanna an Údaráis

Ghlac an tÚdarás le luachanna, agus cuirfidh sé na luachanna sin i bhfeidhm ina chuid gníomhaíochtaí. Is iad seo a leanas luachanna an Údaráis:

- A neamhspleáchas a chothabháil;
- A bheith neamhchlaonta agus macánta i gcónaí;
- Obair a dhéanamh ar shlí phroifisiúnta agus éifeachtach;
- Dúshlán leithleacha a chomhlíonadh trí fháilte a chur roimh smaointe agus roimh mholtaí nua gach foinse agus trí ghlacadh le cur chuige nuálach;
- Trédhearcacht a chothabháil ina chuid oibre ar fad; agus
- Meas a bheith aige ar a chuid daoine.

4.2 Rialachas Corparáideach

Cód Cleachtais an Rialachais Chorparáidigh

Bunaítear an Cód Cleachtais maidir le Rialachas an Údaráis Árachas Sláinte ar an “gCód Cleachtas do Rialachas Comhlachtaí Stáit” a d’eisigh an Roinn Airgeadais i mí na Bealtaine 2009.

Eitic in Oifig Phoiblí

Áirítear an tÚdarás san Ionstraim Reachtúil Uimh. 699 de 2004 chun críocha na nAchtanna um Eitic in Oifig Phoiblí, 1995 agus 2001. Chomhlíon Baill an Údaráis, agus na baill foirne ghaolmhara a gcuid oibleagáidí faoin reachtaíocht sin.

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais

Ullmhaíodh na Cuntais Bhliantúla do 2012 agus cuireadh iad faoi bhráid Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (“an C & A G”) chun iniúchadh a dhéanamh orthu. Rinne an oifig sin na Cuntais seo a iniúchadh agus a cheadú agus tá siad leagtha amach i gcuid 5 den Tuarascáil Bhliantúil seo agus de na Cuntais seo. Comhlíonann an tÚdarás doiciméadú rialachais chorparáidigh a d’eisigh C & A G i 2003, ina leagtar amach treoirlínte agus caighdeáin um chuntais a chur isteach lena n-iniúchadh.

Teangacha Oifigiúla

Comhlíonann an tÚdarás reachtaíocht Teangacha Oifigiúla agus bíonn siad i dteagmháil leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta ina leith sin.

Saoráil Faisnéise

Tá an tÚdarás Árachas Sláinte faoi raon an Achta um Shaoráil Faisnéise agus tá éifeacht leis na Rialacháin fán Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997, (Comhlachtaí Forordaithe), 2006, ó 31 Bealtaine 2006.

Anuas ar iarratais a phróiseáil a dhéantar faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, d’fhoilsigh an tÚdarás dhá leabhrán dar teideal “A Guide to the Functions of and Records Held by the Authority” agus “A Guide to the Rules, Procedures, and Practices of the Authority”. Tugann an dá leabhrán sin treoir d’iarrthóirí faoin bpróiseas um Shaoráil Faisnéise. Cuirtear na treoirlínte le chéile de réir na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise agus foilsítear iad ar láithreán gréasáin an Údaráis.

Straitéis Cumarsáide

Tá beartas oscailte, comhairliúcháin agus plé le páirtithe leasmhara i bhfeidhm ag an Údarás. Cuireann an tÚdarás fáilte roimh chumarsáid le tomhaltóirí, le páirtithe leasmhara agus le páirtithe eile maidir le seirbhís rialála a sholáthar agus maidir lena chuid feidhmeanna a chomhlíonadh.

4.3 Acmhainní

Foireann

Fostaíonn an tÚdarás aon bhall foirne dhéag. Ceadáíodh naonúr ball foirne don Údarás nuair a bunaíodh é i 2001. Mar thoradh ar chastacht bhreise an mhargaidh árachas sláinte, ar fheidhmeanna breise an Údaráis faoin Acht Árachais Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009, agus faoin Acht Árachas Sláinte (Leasú), 2012, chuir an tÚdarás iarratas isteach ar bheirt bhall foirne eile a earcú i 2012. Ceadáíodh an t-iarratas sin. Cheap an tÚdarás an bheirt bhall foirne nua go déanach i 2012.

Maoiniú

Maoinítear oibríochtaí an Údaráis trí thobhach ar ghnóthais chláraithe de réir Alt 17 den Acht Árachais Sláinte, 1994.² Is ionann an tobhach agus 0.12% d'ioncam préimhe agus tá sé iníoctha ar bhonn ráithiúil. Nuair atá íocaíochtaí tobhaigh á ndéanamh acu, cuireann gnóthais chláraithe sonraí faoi líon na n-árachaithe agus faoi ioncam préimhe isteach. Déantar achoimre ar na staitisticí seo in *Aguisín A*. Tá Clár na nGnóthas Sochar Sláinte an 31 Nollaig 2012 leagtha amach in *Aguisín D*.

² Rialacháin Tobhaigh an Achta Árachais Sláinte, 1994, (Alt 17), 2001, (I.R. Uimh. 255 de 2001).

5. Tuarascáil agus Cuntais

Tuarascáil agus Cuntais le haghaidh na bliana 1 Eanáir 2012 go dtí 31 Nollaig 2012

Chuig an Aire Sláinte

I gcomhréir le téarmaí Alt 32(2) den Acht Árachais Sláinte, 1994, cuireann an tÚdarás Árachas Sláinte a Thuarascáil agus a Chuntais le haghaidh na tréimhse dhá mhí dhéag dar críoch 31 Nollaig 2012 faoi do bhráid.

Clár Ábhar

Eolas an Údaráis	26
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	27
Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais	29
Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Údaráis	31
Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta	32
Ráitis Airgeadais	34

Eolas an Údaráis

Baill an Údaráis

Jim Joyce (Cathaoirleach), ó 2006

Dónall Curtin, ó 2006

Sheelagh Malin, ó Bhealtaine 2010

Paul Turpin, ó Dheireadh Fómhair 2007

An tOllamh Anthony Staines, ó Dheireadh Fómhair 2012

Príomhfheidhmeannach/Cláraitheoir

Liam Sloyan

Rúnaí

Eamonn Horgan

Baincéirí

AIB plc.

40/41 Sráid Westmoreland

Baile Átha Cliath 2

Permanent TSB

56/59 Faiche Stiabhna

Baile Átha Cliath 2

Iniúcháirí

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

Caisleán Bhaile Átha Cliath

Baile Átha Cliath 2

Oifigí

Teach na Canálach

Bóthar na Canálach

Baile Átha Cliath 6

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

An tÚdarás Árachas Sláinte

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Údaráis Árachais Sláinte don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012 faoin Acht Árachais Sláinte, 1994. Beidh sna ráitis airgeadais, arna n-ullmhú faoi na beartais chuntasaíochta leagtha amach ansin, an ráiteas ar na beartais chuntasaíochta, an cuntas ioncaim agus caiteachais, an clár comhardaithe agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar an mbealach a forordaítear le hAlt 32 den Acht, agus de réir an chleachtais chuntasaíochta a nglactar leis go coitianta in Éirinn.

Freagrachtaí an Údaráis

Tá an tÚdarás freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léargas fírinneach cóir maidir le staid chúrsaí na Údaráis agus maidir lena n-ioncam agus lena gcaiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Is í an fhreagracht atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus a thuairisciú orthu de réir dlí is infheidhme.

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus oibriúcháin.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhlíonadh na gCaighdeán Eiticíúil d'Iniúcháirí de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta.

Scóip an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Baineann iniúchadh le fianaise a fháil ar na méideanna agus na nochaí sna ráitis airgeadais, iad a bheith riachtanach chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu de bharr calaíochais nó earráide. Áirítear leis sin measúnú a dhéanamh ar

- cibé acu atá na beartais chúí maidir le cúinsí an Údaráis nó nach bhfuil, agus an gcuirtear i bhfeidhm go leanúnach iad agus an nochtar go cuí iad
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh in ullmhú na ráiteas airgeadais, agus ar
- chur i láthair iomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht freisin ar fhianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta.

Ina theannta sin, léim an t-eolas airgeadais agus neamhairgeadais ar fad atá i dtuarascáil bhliantúil an Údaráis chun neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis iniúchta airgeadais a shainaithint. Má thagaim ar aon mhíshonruithe dealraitheacha nó neamhréireachtaí, measaim na himpleachtaí maidir le mo thuarascáil.

Tuairim ar na Ráitis Airgeadais

I mo thuairim, tugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach cóir, a ullmhaíodh mar ba cheart de réir an chleachtais chuntasaíochta a nglactar leis go coitianta in Éirinn, maidir le staid chúrsaí an Údaráis amhail an 31 Nollaig 2012 agus maidir lena n-ioncam agus lena gcaiteachas do 2012.

I mo thuairim, tá leabhair chuntais chuí á gcoimeád ag an Údarás. Tá na ráitis airgeadais ar aon dul leis na leabhair chuntais.

Ábhair ar a dtuairiscím trí eisceacht

Tuairiscím trí eisceacht sa chás

- nach bhfuair mé an t-eolas agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta, nó
- gur tugadh faoi deara i m'iniúchadh aon ásc ábhartha nár caitheadh airgid do na críocha a bhí beartaithe nó nuair nach raibh na hidirbhearta de réir na n-údarás atá á rialú, nó
- nach bhfuil an t-eolas a thugtar i dTuarascáil Bhliantúil na Gníomhaireachta don bhliain dá n-ullmhaítear na ráitis airgeadais comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais, nó
- nach léiríonn an Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais gur chomhlíon an tÚdarás an Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- go mbraithim go bhfuil ábhair ábhartha eile a bhaineann leis an dóigh a ndearnadh gnó poiblí.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na hábhair siúd ar a dtuairiscítear trí eisceacht.

Patricia Sheehan

Le haghaidh agus thar ceann

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

30 Meitheamh 2013

Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Admhaíonn an Cathaoirleach agus Baill an Údaráis go bhfuil bord an Údaráis freagrach as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais san Údarás Árachas Sláinte.

Admhaíonn an Cathaoirleach agus na Baill nach bhféadfadh a leithéid de chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach cinnteacht réasúnta, gan a bheith iomlán, a sholáthar go bhfuil na sócmhainní á gcosaint, idirbhearta á n-údarú agus á dtaifead go cuí, agus go ndéantar aon earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath go tráthúil.

Tá na príomhnósanna imeachta seo a leanas leagtha amach ag Baill an Údaráis chun rialú éifeachtach inmheánach airgeadais a sholáthar taobh istigh den Údarás:

Mar a fhoráiltear dó le hAlt 26(5) den Acht Árachais Sláinte, 1994, tá an Príomhfheidhmeannach/Cláraitheoir (“an PF”) freagrach as riarachán agus gnó an Údaráis a chur i gcrích, a bhainistiú agus a rialú go ginearálta agus comhlíonfaidh sé/sí feidhmeanna eile a bheidh cinnte ag an Údarás. Tá sé comhaontaithe ag Baill an Údaráis go bhfuil an PF agus an fhoireann freagrach as cúrsaí oibriúcháin. Tuairiscíonn an PF do na Baill ag a gcruinnithe, rudaí a bhíonn ar siúl go míosúil de ghnáth.

Tá tús curtha le próiseas foirmiúil le haghaidh aithint, measúnú, maolú agus bainistiú riosca gnó agus cuimsíonn sé sin:

- Aithint agus nádúr rioscaí;
- An dóchúlacht go dtarlódh sé;
- Impleachtaí airgeadais nó eile;
- Tosca maolaithe;
- Bearta chun na rioscaí aitheanta a bhainistiú; agus
- Monatóireacht agus tuairisciú ar an bpróiseas.

Tá na Baill tar éis glacadh le Cód Cleachtas ar Rialachas an Údaráis Árachas Sláinte agus é bunaithe ar Chód Cleachtais na Roinne Airgeadais do Rialachas Comhlachtaí Stáit, mar a nuashonraíodh i rith 2009. Tá na Baill tar éis glacadh le rialacha maidir le nós imeachta agus gnó chruinnithe an Údaráis Árachas Sláinte dá gcruinnithe.

Chuir an tÚdarás sraith nósanna imeachta airgeadais i bhfeidhm a leagann amach na treoracha airgeadais, na nótaí nósanna imeachta agus na cleachtais tarmligin. Déanann an Coiste Iniúcháireachta athbhreithniú ar na cuntais bhainistíochta, ráitis airgeadais bhliantúla, buiséadú agus nósanna imeachta airgeadais go ginearálta. Bhuail an Coiste le chéile chun athbhreithniú a dhéanamh ar na cúrsaí airgeadais a bhaineann leis an mbliain 2012. Bhí comhairligh páirteach i bpríomhréimsí inar measadh a leithéid de sheirbhísí a bheith cuí, lena áiríodh cuntasóirí agus comhairligh iniúcháireachta inmheánaí.

Tá córas bogearraí ríomhaireachta i bhfeidhm ag an Údarás a chuimsíonn pacáiste cuntasáíochta agus pacáiste párolla chun rialú inmheánach airgeadais an Údaráis a éascú.

D'fhostaigh an tÚdarás gnólacht seachtrach cuntasáochta chun na ráitis airgeadais a ullmhú agus a mhaoirsiú don Údarás agus chun meicníocht mhíosúil tuairiscithe airgeadais a dhéanamh ar bhainistíocht na gcuntas go ginearálta, lena n-áirítear buiséid, toisc méid na heagraíochta agus líon na mball foirne atá fostaithe.

Deimhnímid go ndearnadh athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais maidir leis an mbliain 2012.

Sínte ar son Bhaill an Údaráis



J. Joyce
Cathaoirleach
An tÚdarás Árachas Sláinte

An 28 Meitheamh 2013

Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Údaráis

Leagtar le hAlt 32(2) den Acht Árachais Sláinte, 1994, dualgas ar Bhaill an Údaráis ráitis airgeadais a ullmhú ina leithéid d'fhoirm a d'fhéadfadh a bheith ceadaithe ag an Aire Sláinte tar éis comhairliúcháin leis an Aire Airgeadais. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ní mór don Údarás:

- Beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh ansin atá réasúnta agus stuama;
- A lua cé acu a leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe, faoi réir aon imeachtaí ábhartha atá mínithe agus nochtá sna ráitis airgeadais;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach, ach amháin má tá sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an tÚdarás ar aghaidh de bheith ag feidhmiú.

Tá an tÚdarás freagrach as leabhair chearta chuntais a choinneáil, ina nochtar staid airgeadais an Údaráis ar bhealach fíor agus cóir ag am ar bith agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le hAlt 32(2) den Acht. Tá an tÚdarás freagrach chomh maith as cosaint shócmhainní an Údaráis agus as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.



J. Joyce
Cathaoirleach

An 28 Meitheamh 2013



P. Turpin
Ball

Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta

Seo a leanas na beartais chuntasaíochta shuntasacha a glacadh sna ráitis airgeadais:

Bunús Cuntasaíochta

Ullmhaítear na ráitis airgeadais i gcomhréir le prionsabail chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta agus faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus cloíonn siad le caighdeáin tuairiscithe airgeadais an Bhoird um Chaighdeáin Chuntasaíochta.

Ioncam Tobhaigh

Is ionann an t-ioncam tobhaigh agus an méid a bhí infhaighte ag an Údarás maidir leis an tréimhse. Cuimsíonn sé seo íocaíochtaí a rinneadh leis an Údarás i gcomhréir leis na hAchtanna Árachais Sláinte, 1994-2012, agus déantar réasúntacht an fhigiúir seo a sheiceáil i gcomparáid leis an ioncam tobhaigh ionchasach i bhfianaise phróifíl scéimeanna árachas sláinte príobháideach an Údaráis.

Aithint Caiteachais

Aithnítear caiteachas sna ráitis airgeadais ar bhonn fabhráithe, de réir mar a thabhaítear é.

Sócmhainní Inláimhsithe Seasta

Luaitear sócmhainní inláimhsithe seasta ar a gcostas lúide dímheas carnach. Ríomhtar dímheas, rud a ghearrtar ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais, d'fhonn costas na sócmhainní seasta a dhíscríobh i rith a saoil mheasta úsáidigh faoi mhodh na líne dírí, ar ráta bliantúil $33\frac{1}{3}\%$ le haghaidh trealamh ríomhairí agus 20% le haghaidh na sócmhainní eile go léir ón dáta éadála.

Airgeadraí Eachtracha

Aistrítear idirbhearta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha go euro i rith na bliana agus tá siad san áireamh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais le haghaidh na tréimhse.

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha go euro ar ráta malartaithe atá i bhfeidhm ar dháta an chláir comhardaithe agus tá gnóthachain agus cailleanais atá mar thoradh air sin san áireamh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais le haghaidh na tréimhse.

Aoisliúntas

I gcomhréir le hAlt 28 den Acht Árachais Sláinte, 1994, tá cead ag an Údarás scéim a dhéanamh le haghaidh deonú sochair aoisliúntais do bhaill foirne an Údaráis, le toiliú an Aire Sláinte agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá scéim dréachtaithe ag an Údarás le haghaidh a fhostaithe agus é bunaithe ar Mhúnla na Seirbhíse Poiblí agus táthar ag fanacht le cead an Aire Sláinte agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá na hasbhaintí riachtanacha á ndéanamh ag an Údarás ó thuarastail a choinníonn an tÚdarás, ach ní aithnítear mar ioncam iad. Tá soláthar á dhéanamh ag an Údarás chomh maith le haghaidh ranníocaíochtaí fostóra leis an Scéim. Measann an tÚdarás an scéim a bheith ar aon dul le scéim sochair shainithe óna dhearcadh féin agus tá cuntas déanta aige air dá réir, chun críocha Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17.

Cúlchiste Ginearálta

De réir mar a fhorbraítear ról an Údaráis mar rialtóir agus comhairleoir an Mhargaidh Árachais Sláinte in Éirinn, méadaítear an seans go mbeadh costais bhreise ann mar gheall ar dhálaí eisceachtúla. Táthar ag súil leis go n-íocfaí as dliteanas ar bith a thiocfadh chun cinn sa chás seo as an gCúlchiste Ginearálta.

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

le haghaidh na bliana dar críoch 31 Nollaig, 2012

	<i>Nótaí</i>	12 mhí dar críoch 31 Nollaig, 2012 €	12 mhí dar críoch 31 Nollaig, 2011 €
Ioncam	1	2,706,824	2,451,115
Costais Riaracháin	2	(1,312,150)	(1,245,753)
Barrachas an ioncaim de bhreis ar an gcaiteachas		1,394,674	1,205,362
Ús Infhaighte		179,683	133,173
Barrachas na tréimhse		1,574,357	1,338,535
Barrachas carnach ag tús na tréimhse		5,586,823	4,298,288
Aistriú go dtí an Cúlchiste Ginearálta	9	(50,000)	(50,000)
Barrachas Carnach ag deireadh na tréimhse		7,111,180	5,586,823

Níl aon ghnóthachain ná cailteanais aitheanta ann, seachas na cinn a ndearnadh déileáil leo sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.



J. Joyce
Cathaoirleach

An 28 Meitheamh 2013



P. Turpin
Ball

Tá an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus nótaí 1 go dtí 12 mar chuid de na Ráitís Airgeadais seo.

Clár Comhardaithe


ar 31 Nollaig 2012

	<i>Nótaí</i>	2012 €	2011 €
Sócmhainní seasta			
Sócmhainní inláimhsithe	5	17,269	19,845
Sócmhainní reatha			
Banc agus Airgead Tirim		9,189,138	7,337,874
Réamhíocaíochtaí agus féichiúnaithe eile	6	757,821	791,857
		9,946,959	8,129,731
Creidiúnaithe (méideanna atá dlite taobh istigh de bhliain amháin)			
Creidiúnaithe agus fabhruithe	7	(1,395,153)	(1,154,858)
Glansócmhainní reatha		8,551,806	6,974,873
Iomlán na sócmhainní lúide dliteanais reatha		8,569,075	6,994,718
Glansócmhainní		8,569,075	6,994,718
Arb ionann é agus			
Barrachas ioncain carnach de bhreis ar an gcaiteachas	9	7,111,180	5,586,823
Ciste Ginearálta		1,457,895	1,407,895
		8,569,075	6,994,718



J. Joyce
Cathaoirleach

An 28 Meitheamh 2013



P. Turpin
Ball

Tá an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus nótaí 1 go dtí 12 mar chuid de na Ráitís Airgeadais seo.

Nótaí

(mar chuid de na ráitis airgeadais)

1. Ioncam

Foráiltear le hAlt 17 den Acht Árachais Sláinte, 1994, d'íocaíocht tobhaigh ioncaim ag gnóthais chláraithe leis an Údarás gach ráithe d'fhonn oibríochtaí an Údaráis a mhaoiniú agus soláthar imleor a dhéanamh do theagmhais. Socraíodh sna Rialacháin Tobhaigh, 2001, a bhaineann leis an Acht Árachais Sláinte, 1994, (Alt 17), síos ráta an tobhaigh ioncaim ar 0.14% den mhéid inmheasúnaithe a íoctar le gach gnóthas tráchtála agus teoranta in Éirinn. Rinneadh leis na Rialacháin Tobhaigh (Leasú), 2010, a bhaineann leis an Acht Árachais Sláinte, 1994, (Alt 17), laghdú ó shin ar an ráta go 0.12%.

	2012 €	2011 €
Tobhach Ioncaim	2,704,150	2,451,100
Fáltais ó Éilimh Árachais	2,674	–
Saoráil Faisnéise	–	15
	2,706,824	2,451,115

2. Costais Riaracháin

	2012 €	2011 €
Tuarastail agus costais foirne (Nóta 3)	662,269	646,948
Costais oiliúna	13,630	17,811
Táillí Stiúrthóirí (Nóta 3)	20,948	26,602
Earcaíocht	13,772	–
Cíos, Muirir Sheirbhíse agus Cothabháil	108,989	155,353
Comhairleacht (Nóta 4)	372,125	196,290
Árachas	17,156	32,410
Costais Ríomhairí agus Pháipéarachais	27,237	25,056
Costais Riaracháin Eile*	25,788	30,627
Eolas Tomhaltóirí	20,759	82,307
Iníúcháireacht	12,220	12,220
Dímheas	17,257	20,129
	1,312,150	1,245,753

Tá oifigí ar cíos ag an Údarás Árachas Sláinte i dTeach na Canála, Bóthar na Canála, Baile Átha Cliath 6 ar chostas €50,000 in aghaidh na bliana. Chuaigh an tÚdarás i mbun léas nua i mBealtaine 2012 le haghaidh na n-oifigí sin.

Ba é an méid a caitheadh ar thaisteal thar lear sa bhliain ná €1,629.

* Áirítear le Costais Riaracháin Eile €759 i dtaca le himeachtaí a bhaineann leis an bhfoireann agus leis an mbord.

3. Táillí Stiúirthóirí agus Luach Saothair an POF

Ba iad na táillí iníoctha le baill aonair an bhoird i rith 2012 ná Jim Joyce (Cathaoirleach), €8,978 (2011: €8,978) Dónall Curtin €5,985 (2011: €5,985), Sheelagh Malin €5,985 (2011: €5,985), Paul Turpin €0 (2011: €5,155), An tOllamh Anthony Staines €0, Mary Doyle €0 (chuaigh a téarma in éag i mí Eanáir 2011: €499). Níor íocadh costais ar bith le baill an bhoird.

Ba é tuarastal bliantúil an Phríomhfheidhmeannaigh do 2012 ná €103,967 (2011: €103,967). Fuair an POF costais taistil agus chothaithe ar luach €725 (2011: €647) agus €0 (2011: €0) i leith costais eile. Tá teidlíochtaí pinsin an POF i gcomhréir leis na teidlíochtaí caighdeánacha i scéim aoisliúntais sochair shainithe mhúnla na seirbhíse poiblí. Ní bhfuair an POF aon pheorcaisí ná sochair i 2012.

Ba é líon na mball foirne a bhí fostaithe ag an Údarás amhail an 31 Nollaig 2012 ná deichniúr (2011: 9).

4. Costais Chomhairleachta

	2012 €	2011 €
Cuntasaíocht	48,608	46,495
Seirbhísí Achtúireacha	183,941	72,280
Seirbhísí Dlí	120,263	6,215
Aisíoc costas dlí	(93,562)	(24,669)
Caidreamh Poiblí	44,280	43,577
Taighde	23,213	28,676
Aoisliúntas	(230)	858
Seirbhísí Aistriúcháin	1,203	799
Comhairleacht eacnamaíoch	44,409	22,059
	372,125	196,290

I mí na Bealtaine 2012, fuair an tÚdarás Árachas Sláinte cistí €183,562 (2011: €24,669) maidir le costais dlí a tabhaíodh i mblianta roimhe sin maidir le himeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh san Ard-Chúirt. Sa bhliain roimhe sin, chuir an tÚdarás réamhíocaíochtaí arbh fhiú €90,000 iad ina leith sin san áireamh, rud as ar eascair an aisíocaíocht €93,562 sa bhliain reatha.

5. Sócmhainní Inláimhsithe Seasta

	Trealamh Ríomhairí €	Feisteas Oifige, Troscán agus Trealamh €	Forbairt Láithreáin Ghréasáin €	Iomlán €
Costas				
Ar 31 Nollaig 2011	89,669	333,500	39,278	462,447
Breiseáin i rith na tréimhse	6,067	502	8,112	14,681
Diúscairtí i rith na tréimhse	(29,134)	(11,330)	–	(40,464)
Ar 31 Nollaig 2012	66,602	322,672	47,390	436,664
Dímheas				
Ar 31 Nollaig 2011	86,315	332,373	23,914	442,602
Muirear na tréimhse	3,376	605	13,276	17,257
Dímheas ar dhiúscairtí	(29,134)	(11,330)	–	(40,464)
Ar 31 Nollaig 2012	60,557	321,648	37,190	419,395
Glanluach Leabhar				
Ar 31 Nollaig 2012	6,045	1,024	10,200	17,269
Ar 31 Nollaig 2011	3,354	1,127	15,364	19,845

6. Réamhíocaíochtaí agus féichiúnaithe eile

	2012 €	2011 €
Ioncam fabhráithe	725,353	646,594
Réamhíocaíochtaí agus Féichiúnaithe Eile	31,134	144,570
Cártaí Taistil	1,334	448
Scéim Rothaíochta chun na hOibre	–	245
	757,821	791,857

7. Creidiúnaithe (méideanna atá dlite taobh istigh de bhliain amháin)

	2012 €	2011 €
Creidiúnaithe trádála agus fabhruithe	164,113	97,854
Soláthar pinsean (Nóta 8)	1,165,141	1,015,480
Tobhach pinsin	2,706	2,715
ÍMAT/ÁSPC	14,812	15,181
Cáin Shiarchoinneálach Seirbhísí Gairmiúla	15,413	9,253
Cánachas Breisluacha	32,968	14,375
	1,395,153	1,154,858

8. Soláthar Pinsean

Tá scéim pinsean sochair shainithe ceaptha ag an Údarás dá fhostaithe. Tá struchtúr na scéime bunaithe ar Mhúnla na Seirbhíse Poiblí agus táthar ag fanacht le cead an Aire Sláinte agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Déantar ranníocaíochtaí, lena n-áirítear ranníocaíochtaí fostóra, ar ráta 25% ó lúil 2006 (16.66% roimhe seo) de phá inphinsin agus gearrtar iad ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais. Coinnítear na ranníocaíochtaí carnacha do chuntas an Aire Sláinte, agus tá an tAire sásta an tÚdarás a aisíoc maidir le sochair a eascraíonn faoin scéim. Tá na ranníocaíochtaí seo a leanas san áireamh sa cheannteideal “Tuarastail agus Costais Foirne” (Nóta 2):

	2012 €	2011 €
Ag tús na tréimhse	1,015,480	868,848
Ranníocaíochtaí Fostaithe	26,384	25,679
Ranníocaíochtaí Fostóra	123,277	120,953
Iomlán	1,165,141	1,015,480

Chomh maith leis sin, baineadh €34,185 ón bhfoireann mar thobhach pinsin agus íocadh é leis an Roinn Sláinte.

9. Barrachas Carnach sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais

	2012 €	2011 €
Ag tús na tréimhse	5,586,823	4,298,288
Barrachas na tréimhse	1,574,357	1,338,535
	7,161,180	5,636,823
Aistriú go dtí an Cúlchiste Ginearálta	(50,000)	(50,000)
Barrachas coinnithe	7,111,180	5,586,823

10. Gealltanais Chaipitil

Ní raibh aon ghealltanais maidir le caiteachas caipitil ar 31 Nollaig 2012.

11. Nochtadh Leasa

Tá nósanna imeachta glactha ag an Údarás i gcomhréir leis na treoirlínte a d'eisigh an Roinn Airgeadais maidir le nochtadh leasa ag Baill an Údaráis agus tá an tÚdarás tar éis cloí leis na nósanna imeachta sin. Ní raibh aon idirbhearta i rith na bliana maidir le gníomhaíochtaí an Údaráis a raibh leas ag baill den bhord iontu.

12. An Ciste um Chothromú Fiontar

Déantar foráil san Acht Árachais Sláinte (Leasú), 2012, go dtiocfaidh bunú an Chiste um Chothromú Fiontar i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2013. Is iad na gnóthais árachas sláinte, na Coimisinéirí Ioncaim agus an Ciste um Chothromú Fiontar a riarann na Creidmheasanna um Chothromú Fiontar agus an Tobhach Pobalráitithe. Déanann árachóirí íocaíochtaí Tobhaigh Phobalráitithe i gcás polasaithe a thosaíonn nó a athnuaitear ar 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh a íoc leis na Coimisinéirí Ioncaim. Ina dhiaidh sin, aistríonn na Coimisinéirí Ioncaim an t-airgead sin chuig an gCiste um Chothromú Fiontar. Déanfaidh an tÚdarás Árachas Sláinte Creidmheasanna um Chothromú Fiontar a íoc, thar ceann tomhaltóirí, leis na gnóthais árachas sláinte ón gCiste. Déanfaidh an Ciste ráitis airgeadais ar leith a ullmhú ar bhonn bliantúil. Beidh an tÚdarás freagrach as an gCiste a riar agus a choimeád ar bun.

13. Ceadú na Ráiteas Airgeadais

Bhí na Ráitis Airgeadais ceadaithe ag Baill an Údaráis ar an 28 Meitheamh 2013.

6. Aguisíní

Aguisín A

Staitisticí a bhaineann leis an Margadh Árachas Sláinte Príobháideach in Éirinn, 2012

Tábla 1: Árachaithe ³ ⁴

Bliain dar Críoch	Líon Iomlán na nÁrachaithe (000í)	Clúdach Árachas Sláinte Príobháideach mar % den Daonra
December 2001	1,871	48.2%
December 2002	1,941	49.2%
December 2003	1,999	49.8%
December 2004	2,054	50.2%
December 2005	2,115	50.4%
December 2006	2,174	50.3%
December 2007	2,245	50.5%
December 2008	2,297	50.9%
December 2009	2,260	49.7%
December 2010	2,228	48.8%
December 2011	2,163	47.2%
December 2012	2,099	45.8%

3 Baineann na figiúirí go léir leis an margadh árachas sláinte príobháideach iomlán, i.e. rollú oscailte agus gnóthais theoranta.

4 Tá na figiúirí daonra bunaithe ar mheastacháin daonra na Príomh-Oifige Staidrimh.

Tábla 2: Ioncam Prémhe

Bliain	Ioncam Iomlán (€m)
2002	821.9
2003	978.2
2004	1,061.1
2005	1,152.7
2006	1,299.5
2007	1,477.8
2008	1,652.2
2009	1,846.7
2010	1,949.1
2011	2,043.2*
2012	2,240.7*

* Lena n-áirítear H.S.F.

Scaireanna den Mhargadh

Léirítear sa tábla seo a leanas na hathruithe a tháinig ar scaireanna den mhargadh ó bunaíodh an tÚdarás.

Nollaig	Aviva Health*	Laya Healthcare**	Árachas Sláinte Saorálach	GloHealth	Gnóthais Bhallaíochta Teoranta***
	%	%	%	%	%
2001	–	12.6%	82.2%	–	5.2%
2002	–	14.6%	80.5%	–	4.9%
2003	–	17.4%	77.8%	–	4.8%
2004	–	19.5%	75.8%	–	4.7%
2005	1.0%	21.0%	73.9%	–	4.1%
2006	2.9%	21.4%	71.7%	–	4.0%
2007	5.4%	21.2%	69.5%	–	3.9%
2008	7.7%	21.6%	66.8%	–	3.9%
2009	10.4%	22.8%	62.9%	–	3.9%
2010	13.7%	20.8%	61.6%	–	3.9%
2011	17.7%	20.9%	57.3%	–	4.0%
2012	16.9%	21.5%	56.4%	1%	4.1%

* Maidir le 2007 agus le blianta níos luaithe, baineann na sonraí le VIVAS Health.


** Maidir le 2012, is ionann na sonraí agus suim na sciatha den mhargadh a bhí ag Quinn Insurance Ltd (Faoi Riarachán) agus Elips Insurance Ltd.

*** Cuimsíonn siad sin Scéimeanna an Gharda Síochána, BSL agus na nOifigeach Príosún.

Aguisín B

Athrú Éilimh de réir Aoise

Éilimh san áireamh i dTuairisceáin in aghaidh an Áracháí i 2012



Is í foinse na sonraí atá Cairt thuas ná na tuairisceáin faisnéise a chuireann árachóirí faoi bhráid an Údaráis, agus áirítear leo thart ar 93% de na héilimh a íocadh trí ghnóthais bhallaíochta oscailte.

Aguisín C

Struchtúr Aoise an Mhargaidh

Léirítear sa tábla seo a leanas an tslí a bhfuil struchtúr aoise an mhargaidh athraithe ó dheireadh na bliana 2009. Tá na táblaí sa chuid seo bunaithe ar thuaisceáin faisnéise a fhaightear ó árachóirí ballraíochta oscailte. Tá na sonraí sna tuaisceáin seo éagsúil le sonraí a bhí san áireamh i dtáblaí roimhe seo ar an tslí nach gcuirtear na daoine seo a leanas san áireamh: daoine atá sa tréimhse tosaigh feithimh, daoine a bhfuil árachas acu ó ghnóthais ballraíochta teoranta, agus daoine a bhfuil árachas acu ó tháirgí nach bhfuil faoi réir cothromú riosca. Tá na figiúirí sa tábla thíos leagtha amach de réir na mílte duine.

Aoisghrúpa	2009	2010	2011	2012
0-17	518	505	495	479
18-29	310	284	256	230
30-39	365	351	331	312
40-49	321	315	308	302
50-59	272	272	269	266
60-69	197	204	208	211
70-79	101	106	110	114
80+	39	42	44	46

The following table shows how market shares varied with age at the end of 2012. The table below refers to open membership insurers only and excludes the restricted membership undertakings. The market shares attributed to Laya Healthcare are the sum of the market shares of Quinn Insurance Ltd (Under Administration) and Elips Insurance Ltd.

Aoisghrúpa	Aviva Health %	Laya Healthcare %	Árachas Sláinte Saorálach %	GloHealth %
0-49	19%	25%	55%	1%
50-59	19%	21%	59%	0%
60-69	15%	20%	65%	0%
70-79	9%	12%	78%	0%
80+	6%	6%	89%	0%

Aguisín D

Clár na nGnóthas Sochar Sláinte ar 31 Nollaig 2012

Gnóthais Bhallaíochta Oscailte

1. Aviva Health Insurance Limited (atá ag trádáil mar Aviva Health);
2. Elips Versicherungen AG (Elips Insurances Ltd.) (atá ag trádáil mar Laya Healthcare);
3. Great Lakes Reinsurance (An Ríocht Aontaithe) PLC (atá ag trádáil mar GloHealth);
4. H.S.F. Health Plan Limited (atá ag trádáil mar Hospital Saturday Fund);
5. Quinn Insurance Limited Faoi Riarachán (atá ag trádáil mar Quinn Healthcare); agus
6. An Bord Árachais Sláinte Shaorálaigh (atá ag trádáil mar Árachas Sláinte Saorálach).

Gnóthais Bhallaíochta Teoranta

1. Coiste Coigilitis Sláinte Foirne Bhord Soláthair an Leictreachais;
2. Ciste Carthanachta Foirne Allamuigh Chuideachta Árachais Bheatha na hÉireann cpt
3. Cumann Árachas Sláinte Chuideachta Bheatha na hÉireann;
4. Ciste Carthanachta Foirne Chomhlacht na hÉireann um Árachas;
5. Cumann Árachas Sláinte na nOifigeach Príosúin;
6. Cumann Árachas Sláinte Naomh Pól an Gharda Síochána; agus
7. Scéim Sláinte Dheonach Goulding.

Aguisín E

An Lucht Freastail ar Chruinnithe Údaráis do 2012

Ball Údaráis	Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu*
An tUasal Jim Joyce, Cathaoirleach	13
An tUasal Dónall Curtin	7
An Iníon Sheelagh Malin	13
An tOllamh Anthony Staines**	5
An tUasal Paul Turpin	13

* Reáchtáladh trí chruinniú Údaráis déag san iomlán i 2012.

** Ceapadh an tOllamh Staines chun an Údaráis ar an 1 Deireadh Fómhair 2012.